CINNTÍ

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/1172 ÓN gCOMHAIRLE

an 7 Lúnasa 2020

lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2013/798/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/798/CBES ón gComhairle an 23 Nollaig 2013 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne Phoblacht na hAfraice Láir ([1]), agus go háirithe Airteagal 2c de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Nollaig 2013, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/798/CBES.

(2) An 28 Iúil 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSC) arna bhunú de bhun Rún 2127 (2013) ó UNSC nuashonrú ar an bhfaisnéis a bhaineann le seisear atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/798/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear leis seo an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/798/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Lúnasa 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. ROTH

([1]) IO L 352, 24.12.2013, lch. 51.

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/798/CBES, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 4, 5, 7, 12 agus 13:

"1. Francois Yangouvonda BOZIZÉ (*ailias* : a) Bozize Yangouvonda b) Samuel Peter Mudde (a rugadh an 16 Nollaig 1948, in Izo, an tSúdáin Theas)

Teideal: a) Iarcheann Stáit ar Phoblacht na hAfraice Láir b) Ollamh

Dáta breithe: a) 14 Deireadh Fómhair 1946 b) 16 Nollaig 1948

Áit bhreithe: a) Mouila, an Ghabúin b) Izo, an tSúdáin Theas

Náisiúntacht: a) Poblacht na hAfraice Láir b) an tSúdáin Theas

Uimhir phas: D00002264, a eisíodh an 11 Meitheamh 2013 (arna eisiúint ag an Aireacht Gnóthaí Eachtracha in Juba, an tSúdáin Theas. In éag an 11 Meitheamh 2017. Pas taidhleoireachta a eisíodh faoin ainm Samuel Peter Mudde)

Uimhir aitheantais náisiúnta: M4800002143743 (Uimhir phearsanta ar an bpas)

Seoladh: a) Uganda b) Bangui, Poblacht na hAfraice Láir (ó d'fhill sé ó Uganda i mí na Nollag 2019)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 9 Bealtaine 2014

Faisnéis eile: Martine Kofia is ainm dá mháthair. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Liostaíodh Bozize an 9 Bealtaine 2014 de bhun mhír 36 de rún 2134 (2014) as 'páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó tacú le gníomhaíochtaí lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir'.

Faisnéis bhreise

I gcomhar lena lucht tacaíochta, spreag Bozise an t-ionsaí a rinneadh ar Bangui an 5 Nollaig 2013. Ó shin i leith, tá sé ag iarraidh oibríochtaí díchobhsaithe a chur ar bun chun an teannas a choimeád i bpríomhchathair Phoblacht na hAfraice Láir. Tuairiscítear gur chruthaigh Bozize an grúpa mílíste frith-Balaka sular fhág sé Poblacht na hAfraice Láir an 24 Márta 2013. I ráiteas uaidh, d'iarr Bozise ar a mhílíste tabhairt faoi na hainghníomhartha i gcoinne an réimis atá ann faoi láthair agus i gcoinne na nIoslamach. Tuairiscítear gur sholáthair Bozize tacaíocht airgeadais agus ábhartha ar fáil d'fhir mhílíste atá ag obair chun an t-aistriú leanúnach a dhíchobhsú agus chun Bozize a chur i gcumhacht arís. Is de chuid Central African Armed Forces formhór an ghrúpa fhrith-Balaka a scaip faoin tuath tar éis an *coup d'état* agus ar chuir Bozize atheagar orthu ina dhiaidh sin. Is faoi smacht Bozize agus a lucht tacaíochta atá níos mó ná leath de na haonaid frith-Balaka.

Tugadh raidhfilí ionsaithe, moirtéir agus teilgeoirí roicéad do na fórsaí atá dílis do Bozize agus líon na n-ionsaithe díoltais i gcoinne an phobail Mhoslamaigh i bPoblacht na hAfraice Láir ina mbíonn siad páirteach ag dul i méad. Tháinig meath ar an staid i bPoblacht na hAfraice Láir go tapa tar éis an ionsaithe a rinne fórsaí frith-Balaka in Bangui an 5 Nollaig 2013 inar maraíodh níos mó ná 700 duine.

4. Alfred YEKATOM (*ailias*: a) Alfred Yekatom Saragba b) Alfred Ekatom c) Alfred Saragba d) Colonel Rombhot e) Colonel Rambo f) Colonel Rambot g) Colonel Rombot h) Colonel Romboh)

Ainmniú: Príomhcheannaire ar na Forces Armées Centrafricaines (FACA)

Dáta breithe: 23 Meitheamh 1976

Áit bhreithe: Poblacht na hAfraice Láir

Náisiúntacht: Poblacht na hAfraice Láir

Seoladh: a) Mbaiki, Cúige Lobaye, Poblacht na hAfraice Láir (Teil. +236 72 15 47 07 / +236 75 09 43 41) b) Cúige Bimbo, Ombella-Mpoko, Poblacht na hAfraice Láir (an áit a raibh sé lonnaithe roimhe sin) c) an Háig (ó aistríodh go dtí an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta é an 17 Samhain 2018)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 20 Lúnasa 2015

Faisnéis eile: Bhí sé i gceannas ar ghrúpa mór d'fhir mhíliste armtha agus iad faoina stiúir. Ekatom Saragba (athair uchtála) is ainm don athair (a litrítear Yekatom Saragba chomh maith). Deartháir le Yves Saragba, ceannasaí frith-Balaka in Batalimo, Cúige Lobaye, iarshaighdiúir de chuid FACA. Cur síos fisiceach: dath na súl: dubh; dath gruaige: maol; craiceann: dubh; airde: 170cm; meáchan: 100kg.

Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Liostaíodh Alfred Yekatom an 20 Lúnasa 2015 de bhun mhír 11 de Rún 2196 (2015) as 'páirt a ghlacadh i ngníomhartha nó tacú le gníomhartha lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear gníomhartha a chuireann comhaontuithe idirthréimhseacha i mbaol nó a sharaíonn na comhaontuithe sin, nó a chuireann próiseas an aistrithe pholaitiúil, lena n-áirítear an trasdul chuig toghcháin dhaonlathacha atá saor agus cothrom, i mbaol nó a chuireann bac ar an bpróiseas sin nó a spreagann foréigean'.

Faisnéis bhreise:

Is ceannaire mílíste é Alfred Yekatom, ar a dtugtar an Colonel Rombhot freisin, ar ghrúpa ghluaiseacht frith-Balaka, ar a dtugtar an 'frith-Balaka ón Deisceart'. Bhí sé ar chéim Phríomh-Cheannaire sna Forces Armées Centrafricaines (FACA – fórsaí armtha Phoblacht na hAfraice Láir).

Ghlac Yekatom páirt i ngníomhaíochtaí agus thug tacaíocht do ghníomhartha lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear gníomhartha a chuireann comhaontuithe idirthréimhseacha i mbaol, agus a chuireann próiseas an aistrithe pholaitiúil i mbaol. Rialaigh Yekatom grúpa mór fear mílíste armtha agus bhí sé i gceannas ar an mílíste sin agus iad i láthair sa chomharsanacht PK9 in Bangui, agus sna bailte Bimbo (cúige Ombella-Mpoko), Cekia, Pissa, and Mbaïki (príomhchathair chúige Lobaye), agus bhunaigh sé a cheanncheathrú i lamháltas foraoiseachta in Batalimo.

Bhí dosaen seicphointe á rialú go díreach ag Yekatom a raibh deichniúr fear armtha mílíste mar fhoireann orthu, ar an meán, fir a raibh éide airm á gcaitheamh acu agus airm á n-iompar acu, lena n-áirítear raidhfilí ionsaithe míleata, ón bpríomhdhroichead idir Bimbo agus Bangui go Mbaïki (cúige Lobaye), agus ó Pissa go Batalimo (taobh leis an teorainn le Poblacht an Chongó), ag bailiú cánacha neamhúdaraithe ó fheithiclí agus ó ghluaisrothair phríobháideacha, ó veaineanna paisinéirí agus ó leoraithe a bhíodh ag onnmhairiú acmhainní foraoiseachta go Camarún agus Sead, agus ó bháid a bhíodh ag loingsiú ar abhainn an Oubangui. Chonacthas Yekatom féin ag bailiú cuid de na cánacha neamhúdaraithe céanna. Tuairiscíodh chomh maith gur mharaigh Yekatom agus a mhílíste roinnt sibhialtach.

5. Habib SOUSSOU (*ailias*: Soussou Abib)

Ainmniú: a) Comhordaitheoir frith-Balaka do chúige Lobaye b) Máistir-cheannaire Forces Armées Centrafricaines (FACA – fórsaí armtha Phoblacht na hAfraice Láir)

Dáta breithe: 13 Márta 1980

Áit bhreithe: Poblacht na hAfraice Láir

Náisiúntacht: Poblacht na hAfraice Láir

Seoladh: Boda, Poblacht na hAfraice Láir (Guthán +236 72198628)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 20 Lúnasa 2015

Faisnéis eile: Ceapadh é mar cheannasaí ar limistéar frith-balaka (COMZONE) Boda an 11 Aibreán 2014, agus do chúige iomlán Lobaye an 28 Meitheamh 2014. Leanadh leis na maruithe, leis na scliúchais agus leis na hionsaithe spriocdhírithe i gcoinne eagraíochtaí daonnúla agus oibrithe cabhracha faoina cheannasaíocht. Cur síos fisiceach: dath na súl: donn; dath gruaige: dubh; airde: 160cm; meáchan: 60kg. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Liostaíodh Habib Soussou an 20 Lúnasa 2015 de bhun mhíreanna 11 agus 12(b) agus (e) de Rún 2196 (2015) as 'páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó tacú le gníomhartha lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear gníomhartha a chuireann comhaontuithe idirthréimhseacha i mbaol nó a sháraíonn na comhaontuithe sin, nó a chuireann próiseas an aistrithe pholaitiúil, lena n-áirítear an trasdul chuig toghcháin dhaonlathacha atá saor agus cothrom, i mbaol nó a chuireann bac ar an bpróiseas sin nó a spreagann foréigean'; 'a bheith páirteach i bpleanáil, i stiúradh, nó i ndéanamh gníomhartha lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó an dlí daonnúil idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme, nó ar mí-úsáid nó sáruithe iad ar chearta an duine i bPoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear gníomhartha lena ngabhann foréigean gnéasach, díriú ar shibhialtaigh, ionsaithe ar bhonn eitneach nó reiligiúnach, ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil, agus fuadach agus easáitiú éigeantach' agus; 'bac a chur ar chúnamh daonnúil a thabhairt do Phoblacht na hAfraice Láir, nó bac a chur ar é a rochtain, nó ar é a dháileadh i bPoblacht na hAfraice Láir'.

Faisnéis bhreise:

Ceapadh Habib Soussou mar cheannasaí ar limistéar frith-balaka (COMZONE) Boda an 11 Aibreán 2014, agus tá sé maíte aige dá thairbhe sin go raibh sé freagrach as an staid slándála sa *sous-préfecture*. An 28 Meitheamh 2014, cheap Patrice Edouard Ngaïssona, comhordaitheoir ginearálta frith-balaka, Habib Soussou mar chomhordaitheoir cúigeach don bhaile Boda ón 11 Aibreán 2014 i leith agus ón 28 Meitheamh 2014 i leith do chúige iomlán Lobaye. Tharla maruithe, scliúchais agus ionsaithe spriocdhírithe ag lucht frith-Balaka in Boda i gcoinne eagraíochtaí daonnúla agus oibrithe cabhracha ar bhonn seachtainiúil i limistéir arb é Soussou an ceannasaí nó an comhordaitheoir frith-Balaka. Dhírigh Soussous agus na fórsaí frith-Balaka sna limistéir sin ar shibhialtaigh freisin agus bhagair siad go ndíreofaí orthu.

7. Haroun GAYE (*ailias*: a) Haroun Geye b) Aroun Gaye c) Aroun Geye)

Ainmniú: Rapóirtéir do chomhordú polaitiúil Front Populaire pour la Renaissance de Centrafrique (FPRC)

Dáta breithe: a) 30 Eanáir 1968 b) 30 Eanáir 1969

Uimhir phas: Poblacht na hAfraice Láir uimh. O00065772 (an litir O agus trí náid ina dhiaidh), in éag an 30 Nollaig 2019)

Seoladh: a) Bangui, Poblacht na hAfraice Láir b) Ndélé, Bamingui-Bangoran

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 17 Nollaig 2015

Faisnéis eile: Is ceannaire é Gaye ar Front Populaire pour la Renaissance de Centrafrique (FPRC) (nach bhfuil liostaithe) grúpa armtha ex-Séléka in Bangui. Is ceannaire e freisin ar ghrúpa dá ngairtear 'Defense Committee' de chuid PK5, Bangui (dá ngairtear freisin 'PK5 Resistance' nó 'Texas') (nach bhfuil liostaithe), a shracann airgead as cónaitheoirí agus a bhagraíonn agus a úsáideann foréigean. Cheap Nourredine Adam (CFi.002) Gaye ina rapóirtéir ar chomhordú polaitiúil FPRC an 2 Samhain 2014. An 9 Bealtaine 2014 chuir Coiste na Comhairle Slándála, a bunaíodh le rún 2127 (2013) maidir le Poblacht na hAfraice Láir, lena liosta smachtbhannaí. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Liostaíodh Haroun Gaye an 17 Nollaig 2015 de bhun mhíreanna 11 agus 12(b) agus (f) de rún 2196 (2015) as 'páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó tacú le gníomhaíochtaí lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir'; 'a bheith páirteach i bpleanáil, i stiúradh, nó i ndéanamh gníomhartha lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine nó an dlí daonnúil idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme, nó ar mí-úsáid nó sáruithe iad ar chearta an duine i bPoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear gníomhartha lena ngabhann foréigean gnéasach, díriú ar shibhialtaigh, ionsaithe ar bhonn eitneach nó reiligiúnach, ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil, agus fuadach agus easáitiú éigeantach'; agus 'a bheith rannpháirteach i bpleanáil, i stiúradh, in urraíocht nó i ndéanamh ionsaithe ar mhisin NA nó ar láithreachtaí slándála idirnáisiúnta, lena n-áirítear Minusca, misin an Aontais Eorpaigh agus oibríochtaí na Fraince a thacaíonn leo'.

Faisnéis bhreise:

Ó bhí sé luath sa bhliain 2014, tá Haroun Gaye ar dhuine de na ceannairí ar ghrúpa armtha atá ag feidhmiú sa chomharsanacht PK5 in Bangui. Deir ionadaithe na Sochaí Sibhialta ón gcomharsanacht PK5 go bhfuil Gaye agus a ghrúpa armtha ag cur leis an gcoimhlint in Bangui, ag cur i gcoinne athmhuintearais agus ag cosc gluaiseachtaí daoine isteach i dtríú ceantar Bangui agus amach as. An 11 Bealtaine 2015, chuir Gaye agus 300 léirsitheoir bac ar an rochtain ar an gComhairle Idirthréimhseach Náisiúnta chun cur isteach ar lá deiridh Fhóram Bangui. Tuairiscítear go raibh Gaye ag comhoibriú le hoifigigh frith-Balaka chun an suaitheadh sin a chomhordú.

An 26 Meitheamh 2015, chuir Gaye agus a lucht beag leanúna isteach ar oscailt feachtais cláraithe vótálaithe sa chomharsanacht PK5, rud a d'fhág gur dúnadh an feachtas cláraithe.

Rinne Minusca iarracht Gaye a ghabháil an 2 Lúnasa 2015, i gcomhréir le forálacha mhír 32(f)(i) de Rún 2217 (2015) ón gComhairle Slándála. Cuireadh ar an eolas roimh ré, de réir tuairisce, faoin iarracht gabhála, agus bhí sé ullamh agus bhí armtha trom i lámha a lucht tacaíochta. Scaoil fórsaí Gaye a gcuid arm ar Chomh-thascfhórsa Minusca. Sa chomhrac armtha a mhair 7 n-uaire an chloig, d'úsáid saighdiúirí Gaye airm tine, gránáidí láimhe agus gránáidí roicéadtiomána i gcoinne thrúpaí Minusca. Mharaigh siad duine amháin de na coimeádaithe síochána agus ghortaigh siad ochtar acu. Bhí baint ag Gaye le hagóidí foréigneacha agus le caismirtí a spreagadh ag deireadh mhí Mheán

Fómhair 2015. B'iarracht *coup* é sin, de réir cosúlachta, chun an Rialtas Idirthréimhseach a threascairt. Is dócha gurb iad lucht tacaíochta iar-uachtarán Bozise a stiúir an *coup* agus iad i gcomhghuaillíocht caothúlachta le Gaye agus le ceannairí eile ar FPRC. Ba é an aidhm a bhí ag Gaye, is cosúil, timthriall ionsaithe díoltais a chruthú a chuirfeadh na toghcháin a bhí ar na bacáin i mbaol. Bhí Gaye i gceannas ar an gcomhordú le codanna imeallaithe den scáthghrúpa frith-Balaka.

An 1 Deireadh Fómhair 2015, bhuail Eugène Barret Ngaïkosset, ball de ghrúpa imeallaithe frith-Balaka, agus Gaye le chéile sa chomharsanacht PK5 agus é mar aidhm acu comhionsaí a phleanáil ar Bangui Dé Sathairn, an 3 Deireadh Fómhair. Chuir grúpa Gaye cosc ar dhaoine laistigh den chomharsanacht PK5 an áit a fhágáil, d'fhonn féiniúlacht chomhchoiteann an phobal Mhoslamaigh a threisiú chun teannas idir-eitneach a ghéarú agus athmhuintearas a sheachaint. An 26 Deireadh Fómhair 2015, chuir Gaye agus a ghrúpa isteach ar chruinniú idir Ard-Easpag Bangui agus Imam Mhosc Lár Bangui, agus bhagair siad ar na toscairí go dtí go raibh orthu teitheadh as an Mosc Lár agus as an gcomharsanacht PK5.

12. Abdoulaye HISSENE (*ailias*: a) Abdoulaye Issène b) Abdoulaye Hissein c) Hissene Abdoulaye d) Abdoulaye Issène Ramadane e) Abdoulaye Issene Ramadan f) Issene Abdoulaye)

Teideal: Uachtarán an Conseil National de Défense et de Sécurité (CNDS) agus ceannaire míleata an Front Populaire pour la Renaissance de la Centrafrique

Ainmniú: 'ginearálta'

Dáta breithe: a) 1967 b) 1 Eanáir 1967

Áit bhreithe: a) Ndele, Bamingui-Bangoran, Poblacht na hAfraice Láir b) Haraze Mangueigne, Sead

Náisiúntacht: a) Poblacht na hAfraice Láir b) Sead

Uimh. an phas: a) pas taidhleoireachta Phoblacht na hAfraice Láir uimh. D00000897, a eisíodh an 5 Aibreán 2013 (bailí go dtí an 4 Aibreán 2018) b) pas taidhleoireachta Phoblacht na hAfraice Láir uimh. D00004262, a eisíodh an 11 Márta 2014 (bailí go dtí an 10 Márta 2019)

Uimhir aitheantais náisiúnta: Cárta aitheantais náisiúnta Shead uimh. 103-00653129-22, a eisíodh an 21 Aibreán 2009 (in éag an 21 Aibreán 2019)

Seoladh: a) KM5, Bangui, Poblacht na hAfraice Láir b) Nana-Grebizi, Poblacht na hAfraice Láir c) Ndjari, Ndjamena, Sead d) Ndélé, Bamingui-Bangoran (príomháit lonnaithe ó mhí Lúnasa 2016)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 17 Bealtaine 2017

Faisnéis eile: Ba é an tAire Óige agus Spóirt é Hissène i gComhaireacht iarUachtarán Phoblacht na hAfraice Láir, Michel Djotodia. Roimhe sin, ba cheann é ar pháirtí polaitiúil darbh ainm Convention of Patriots for Justice and Peace. Rinne sé ceannaire de féin ar mhílístí armtha in Bangui, go háirithe sa chomharsanacht 'PK5' (an 3ú ceantar). I mí Dheireadh Fómhair 2016, ceapadh Abdoulaye Hissène ina Uachtarán ar an *Conseil National de Défense et de Sécurité*, comhlacht a cruthaíodh ag an am chun ceannairí míleata agus trodairí a bhailiú ó gach faicsean ex-Séléka. D'fhan sé sa phost sin ó shin i leith, ach i ndáiríre, is iad trodairí FPRC na trodairí amháin a bhfuil fíorsmacht aige orthu. Abdoulaye is ainm dá athair. Absita Moussa is ainm dá mháthair. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála NA:

https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Liostaíodh Abdoulaye Hissène an 17 Bealtaine 2017 de bhun mhír 16 agus 17(g) de rún 2339 (2017) as 'páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó tacú le gníomhaíochtaí lena raibh an bonn á bhaint de shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir, lena n-áirítear gníomhartha a chuireann próiseas an aistrithe pholaitiúil, nó próiseas na cobhsaíochta agus an athmhuintearais i mbaol, nó a chuireann bac ar na próisis sin, nó a spreagann foréigean;' agus as 'a bheith rannpháirteach i bpleanáil, i stiúradh, in urraíocht nó i ndéanamh ionsaithe ar mhisin NA nó ar láithreachtaí slándála idirnáisiúnta, lena n-áirítear MINUSCA, misin an Aontais Eorpaigh agus oibríochtaí na Fraince a thacaíonn leo.'

Faisnéis bhreise:

D'oibrigh Abdoulaye Hissène agus baill eile ex-Séléka i gcomhar le lucht bactha frith-balaka a bhí i gcomhghuaillíocht le hiarUachtarán Phoblacht na hAfraice Láir François Bozizé, Maxime Mokom ina measc, chun agóidí foréigneacha agus caismirtí a spreagadh i mí Mheán Fómhair 2015 mar chuid d'iarracht theipthe ar *coup* chun an rialtas a bhriseadh tráth a raibh an duine a bhí ina hUachtarán Idirthréimhseach ag an am, Catherine Samba-Panza, ag freastal ar Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2015. Chúisigh rialtas Phoblacht na hAfraice Lair Mokom, Hissène, agus daoine eile as cionta coiriúla éagsúla, lena n-áirítear dúnmharú, coirloscadh, céasadh agus creachadh, a d'eascair as an *coup* teipthe.

Ó 2015 i leith, bhí Hissène ar cheann de na príomhcheannairí ar mhílístí armtha lonnaithe sa chomharsanacht 'PK5' Bangui ina raibh os cionn 100 fear. Sa cháil sin, chuir sé cosc ar shaoirse gluaiseachta agus ar athbhunú údarás an stáit sa cheantar, lena n-áirítear trí chánachas neamhdhleathach a chur ar ghníomhaíochtaí iompair agus tráchtála. Sa dara leath de 2015, ghníomhaigh Hissène mar ionadaí *Nairobists* ex-Séléka in Bangui, a bhí ag feidhmiú in *rapprochement* le trodaithe frith-balaka faoi Mokom. Ghlac fir armtha a bhí faoi smacht Haroun Gaye agus Hissène páirt in imeachtaí foréigneacha a tharla in Bangui idir an 26 Meán Fómhair agus an 3 Deireadh Fómhair 2015.

Meastar go raibh baint ag baill de ghrúpa Hissène le hionsaí an 13 Nollaig 2015 – lá an reifrinn bhunreachtúil – ar fheithicil Mohamed Moussa Dhaffane, ceannaire de chuid an ex-Séléka. Cuirtear i leith Hissène gurb é a d'eagraigh an foréigean i gceantar KM5 Bangui inar maraíodh cúigear, inar gortaíodh scór duine agus lenar cuireadh cosc ar chónaitheoirí vóta a chaitheamh sa reifreann bunreachtúil. Chuir Hissène na toghcháin i mbaol trí thimthriall ionsaithe díoltais a chruthú idir grúpaí éagsúla.

An 15 Márta 2016, ghabh na póilíní é ag aerfort Bangui M'poko agus aistríodh é chuig rannóg taighde agus imscrúdaithe an *gendarmerie* náisiúnta. Shaor a mhílíste ina dhiaidh sin é, tríd an lámh láidir a úsáid, agus goideadh arm amháin a thug MINUSCA uaidh roimhe sin mar chuid d'iarraidh ar dhíolúine arna formheas ag an gCoiste.

An 19 Meitheamh 2016, nuair a ghabh fórsaí slándála inmheánaí trádálaithe Moslamacha ag 'PK 12', d'fhuadaigh mílístí Gaye agus Hissène cúigear póilíní náisiúnta in Bangui. An 20 Meitheamh, rinne MINUSCA iarracht na póilíní a scaoileadh saor. Chaith fir armtha faoi cheannas Hissène agus Gaye urchair le coimeádaithe síochána a bhí ag iarraidh na gialla a shaoradh. Mar thoradh air sin, maraíodh seisear ar a laghad agus gortaíodh coimeádaí síochána amháin.

An 12 Lúnasa 2016, ghlac Hissène smacht ar chonbhua sé fheithicil ina raibh daoine a raibh cuid mhór arm leo. Stop MINUSCA an conbhua, a bhí ag teitheadh as Bangui, ó dheas de Sibut. Ar an mbealach go dtí an Tuaisceart, chaith an conbhua urchair leis na fórsaí slándála inmheánaí ag roinnt seicphointí. Stop MINUSCA an conbhua sa deireadh 40 km ó dheas de Sibut. Tar éis a lán troideanna gunnaí, ghabh MINUSCA aon duine déag de na fir, ach d'éirigh le Hissène agus roinnt daoine eile éalú. Chuir na daoine a gabhadh in iúl do MINUSCA gurb é Hissène ceannaire an chonbhua agus go raibh sé mar chuspóir aige Bria a bhaint amach agus a bheith rannpháirteach i dTionól na ngrúpaí ex-Séléka arna eagrú ag Nourredine Adam.

I mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair 2016, chuaigh painéal saineolaithe go Sibut faoi dhó chun giuirléidí chonbhua Hissène, Gaye agus Hamit Tidjani, arna ngabhadh ag MINUSCA an 13 Lúnasa, a scrúdú. Scrúdaigh an painéal an t-armlón a gabhadh i dteach Hissène an 16 Lúnasa freisin. Fuarthas trealamh míleata marfach agus neamh-mharfach sna sé fheithicil agus ó na daoine a gabhadh. An 16 Lúnasa 2016, rinne an Central Gendarmerie ruathar ar theach Hissène in Bangui. Fuarthas os cionn 700 arm.

An 4 Meán Fómhair 2016, tháinig grúpa a raibh baint acu le ex-Séléka as Kaga-Bandoro ar shé ghluaisrothar chun Hissène agus iad siúd a bhí leis a bhailiú agus scaoil siad urchair le MINUSCA in aice le Dékoa. Maraíodh trodaire ex-Séléka amháin le linn na heachtra sin, agus gortaíodh beirt choimeádaí síochána agus sibhialtach amháin.

13. Martin KOUMTAMADJI (*ailias*: a) Abdoulaye Miskine b) Abdoullaye Miskine c) Martin Nadingar Koumtamadji d) Martin Nkoumtamadji e) Martin Koumta Madji f) Omar Mahamat)

Ainmniú: Uachtarán agus ardcheannasaí an Front Démocratique du Peuple Centrafricain (FDPC)

Dáta breithe: a) 5 Deireadh Fómhair 1965 b) 3 Márta 1965

Áit bhreithe: a) Ndïnaba, Sead b) Kobo, Poblacht na hAfraice Láir c) Kabo, Poblacht na hAfraice Láir

Náisiúntacht: a) Sead b) Poblacht na hAfraice Láir c) an Congó

Uimhir phas: a) pas taidhleoireachta Phoblacht na hAfraice Láir, uimh. 06FBO2262, eisithe an 22 Feabhra 2007 (in éag an 21 Feabhra 2012) b) pas seirbhíse an Chongó, uimh. SA0020249, eisithe an 22 Eanáir 2019, (in éag an 21 Eanáir 2022)

Seoladh: a) Am Dafock, Vakaga prefecture, Poblacht na hAfraice Láir b) Ndjamena, Sead (ó gabhadh é i mí na Samhna 2019)

Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe: 20 Aibreán 2020

Faisnéis eile: Bhunaigh Martin Koumtamadji FDPC in 2005. Chuaigh sé isteach i gcomhghuaillíocht Séléka i mí na Nollag 2012 sular fhág sé é i mí Aibreáin 2013 tar éis do na reibiliúnaigh teacht i gcumhacht in Bangui. Tar éis é a ghabháil i gCamarún, aistríodh chuig Brazzaville i bPoblacht an Chongó é. Bhí sé i gceannas ar a thrúpaí ar an talamh i bPoblacht na hAfraice Láir i gcónaí, fiú nuair a bhí sé in Brazzaville sular fhill sé ar Phoblacht na hAfraice Láir (idir Samhain 2014 agus 2019). Shínigh FDPC an Comhaontú Polaitiúil um Shíocháin agus Athmhuintearas i bPoblacht na hAfraice Láir an 6 Feabhra 2019 ach tá Martin Koumtamadji fós ina bhagairt ar shíocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir. Grianghraf ar fáil lena chur san Fhógra Speisialta ó INTERPOL-Comhairle Slándála NA. Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála NA: https://www.interpol.int/en/How-we-work/Notices/View-UN-Notices-Individuals

Faisnéis ó insint achomair na gcúiseanna lena liostú a chuir an Coiste Smachtbhannaí ar fáil:

Agus é ina uachtarán agus ardcheannasaí ar an Front Démocratique du Peuple Centrafricain (FDPC, grúpa armtha a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíochtaí foréigneacha), bhí Martin Koumatamadji ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chuir síocháin, cobhsaíocht agus slándáil Phoblacht na hAfraice Láir i mbaol agus, go háirithe, cur chun feidhme an Chomhaontaithe Pholaitiúil um Shíocháin agus Athmhuintearas i bPoblacht na hAfraice Láir, a síníodh in Bangui an 6 Feabhra 2019.

Dhiúltaigh sé do dhí-armáil chomhraiceoirí FDPC, i gcomhréir lena ghealltanais mar shínitheoir ar an gComhaontú Polaitiúil um Shíocháin agus Athmhuintearas i bPoblacht na hAfraice Láir, agus bhagair sé an tUachtarán Touadéra a chur as oifig i mí Iúil 2019.

Thosaigh sé ag comhoibriú le Nourredine Adam (CFi.002), duine ar cuireadh smachtbhannaí i bhfeidhm ina leith, i mí an Mheithimh 2019 agus bhí sé ag gabháil do gháinneáil arm le dlúthchomhlach de chuid Nourredine Adam, d'fhonn cur le cumais mhíleata FDPC.

Rinne sé tairiscint freisin do Front Populaire pour la Renaissance de la Centifrique (FPRC) oibríocht mhíleata a dhéanamh lena ghrúpa armtha le linn na troda in Vakaga in 2019.

Lean sé de bhac a chur ar athbhunú údarás an stáit i limistéir oibríochta FPDC trí bhloic mhídhleathacha a choinneáil ar bhóithre chun airgead a bhaint le foréigean d'fheirmeoirí eallach, de ghníomhaithe eacnamaíocha (lena n-áirítear cuideachtaí mianadóireachta óir atá ag feidhmiú in Nana-Mambéré), agus de thaistealaithe.

Faoina cheannaireacht, rinne an FDPC gníomhartha in Nana-Mambéré arbh ionann iad agus mí-úsáid nó sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear ionsaithe a díríodh ar shibhialtaigh i mí Aibreáin 2019, fuadach sibhialtach i mí an Mhárta 2019 (gar do Zoukombo) agus gníomhartha foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe i mí na Bealtaine 2019 (in Bagary). In 2017, rinne FDPC 14 ghníomh foréigin ghnéasaigh i gcoimhlint.

Idir 2016 agus 2019, d'earcaigh FDPC leanaí chun fónamh mar shaighdiúirí i gcoinbhleacht armtha agus chuir siad iallach ar aon chailín déag pósadh le comhaltaí de chuid FDPC.

I mí Mhárta 2019, bhí baint aige le bac a chur ar sheachadadh na cabhrach daonnúla nuair a rinne FDPC, faoi cheannaireacht Miskine, sraith ionsaithe ar an bpríomhbhóthar go Bangui ó Chamarún.

Ar deireadh, bhí imruagadh idir codanna de FDPC agus MINUSCA i mí Aibreáin 2019 gar do Zoukombo (Nana-Mambéré) agus ar ais Bouar-Beleko."